Gaelscoil Mhainistir na Corann (GSMNC)

Bán Sheáin, Mainistir na Corann, Co. Chorcaí

Fón/Fax: 021 4613599 www.gsmnc.ie

Ríomhphost: oifig@gsmnc.ie Uimhir Rolla: 20107G

Polasaí Athmheascadh Ranganna

Réamhrá

Cuireadh an polasaí seo le chéile le chomhoibriú uile scoile leis an mBord Bainistíochta chun a bheith deimhin de go ndéanfar athmeascadh ranga i mbabhtaí rialta le leas na bpáistí mar thús áite i gcónaí.

Réasúnaíocht

Cé gur próiséas é seo a thógann an-chuid ama, machnaimh agus áiseanna, glactar leis gur chur chuige ríthábhachtach atá ann do rithim mhaith na scoile agus do leas na bpáistí go fadtéarmach. Is cur chuige é chomh maith atá le feiscint i níos mó scoileanna timpeall na tíre, comhartha den tairbhe suntasach a bhaineann leis.

Feictear go rialta go mbíonn difríocht mhór idir na ranganna in aon bhliain amháin idir chaigheán oibre, iompair agus dinimice de. Anuas ar sin, is léir nach mbíonn aithne an-mhaith ag na páistí ar leanaí eile sa bhliain chéanna leo agus iad i rang a 6.

Seo a leanas na cúspóirí suntasacha a bhaineann leis an bpolasaí athmheascadh:

- Meascán cothrom de láidreachtaí, riachtanais agus uimhreacha cothroma a chinntiú i ngach aon rang
- Spiorad an chomhphobail a chur chun cinn sa scoil
- Cabhrú le páistí cairde a dhéanamh, go mórmhór muna bhfuil dlúthchairde déanta acu cheana féin sa rang ina bhfuilid faoi láthair
- Grúpa cairde níos leithne a chur ar fáil do gach leanbh, go mórmhór agus iad ag bogadh ar aghaidh chuig an meánscoil
- Teacht aniar, acmhainneacht, solúbthact agus scileanna sóisialta a spreagadh
- Cumas dul i ngleic le hathruithe a chothú insna páistí

Cur chuige meascadh na ranganna

Tuistí a chur ar an eolas

- Beidh an polasaí seo ar shuíomh na scoile
- Cuirfear tuismitheoirí na naíonán nua ar an eolas faoin bpolasaí athmheascaithe - an cleachtas, na prionsabail taobh thiar de agus an cur chuige scoile ina leith sa phaca fáilte a fhaigheann gach clann **roimh thosnú sa scoil**.
- Déanfar tagairt ar leith don pholasaí agus don chur chuige arís ag an gcruinniú Fáilte i **Meitheamh / Meán Fómhair.**
- Cuirfear na tuistí ar an eolas faoi aon athruithe a thagann chun cinn le linn athbhreithnithe bliantúla.

An Próiséas athmheascaithe - céim ar chéim

- Ó **mí Eanáir** ar aghaidh spreagfar an nós de ranganna a mheascadh faoi stiúir an bheirt/triúr múinteoir ranga nuair a bheidh ceachtanna ar nós corpoideachais, ealaín, drámaíocht, OSPS nó Aistear á bpleanáil agus á ndéanamh ag na múinteoirí ranga.
- I **mí Feabhra / Márta** i Naíonáin Mhóra agus i Rang a Trí, cuirfidh múinteoirí tús le sraith ceachtanna insna ranganna a ullmhóidh na leanaí don mheascadh le béim ar na téamaí de **chairdeas** agus **athrú.**
- Seolfar foirm abhaile **coícís roimh laethanta saoire na Cásca** ina mbeidh na tuistí, in éineacht lena bpáistí, in ann ainmneacha ceathrar páiste ón mbliain a scríobh síos le bheith lena leanaí sa chéad rang eile.
- **Muna leanann tuistí an critéir thuas do cheathrar páiste ar an liosta tugann sé cead don scoil a bpáiste/í a chur i pé rang gur mhaith leis an scoil.**
- Tuigimid gur próiséas dúshlánach é seo do roinnt chlainne. Cuirfear fáilte roimh thuistí i Naíonáin Mhóra agus Rang a trí labhairt leis an múinteoir ranga nó an príomhoide faoi aon bhuairteanna nó iarratais **roimh laethanta saoire na Cásca.**
- I mí na **Bealtaine agus an Mheithimh,** oibreoidh na múinteoirí ranga, múinteoirí riachtanais oideachais speisialta, an leas phríomhoide agus an príomhoide as láimh a chéile chun na ranganna nua is fearr a chruthú. Cinnteofar sa phróiséas go mbeidh ar **a laghad cara amháin** ag na leanaí óna liostaí.
- Nuair a bheidh an cinneadh deireanach déanta, cuirfear an liosta de ranganna nua na bpáistí ar fáil dos na tuismitheoirí trí ríomhphost.
- Nuair a bheidh na ranganna réitithe ní féidir aon iarratais athruithe a lorg.

- Beidh an deis ag na leanaí a bheith ar scoil le chéile **mar rang nua ar feadh lá nó dhó** roimh dheireadh na scoilbhliana.
- Cuirfear ainm an mhúinteoir ranga nua in iúl ag an am céanna leis an gcomhphobal scoile uile
- **I Meán Fómhair** coimeádfaidh an Cheannaireacht Inscoile agus an Fhoireann Oideachas Speisialta súil ar leith amach don trí rang nua cruthaithe ag **tús na scoilbhliana** agus déanfar iarrracht pé tacaíocht bhreise gur féidir agus atá ag teastáil a chur ar fáil.

Eisceachtaí

Mar atá ráite thuas, tá sé ar intinn ag an scoil an t-athmheascadh a dhéanamh ag deireadh naíonáin mhóra agus rang a 3. **Beidh amanta ann ina mbeidh gá é a dhéanamh do ranganna eile**. Cuirfear tuistí na ranganna sin ar an eolas faoi seo chomh luath agus gur féidir.

Aontaíodh ar phrionsabail an pholasaithe seo ag an gcruinniú den Bhord Bainistíochta ar an 27ú Aibreán 2022. Bhí mionphointí an pholasaí curtha i gcrích agus daignithe don chéad uair ag an gcruinniú den Bhord bainistíochta i mí na Samhna 2022.

- **Beidh an athmheascadh curtha i gcrích do Rang a 3 i ndeireadh na scoilbhliana 2024 / 2025.**
- **Beidh an athmheascadh curtha i gcrích do Naíonáin Mhóra na bliana seo i ndeireadh Rang a hAon sa scoilbhlian 2025/2026.**

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an mbeartas seo ar an *5ú Nollaig 2024* agus beidh athbhreithniú bliantúil déanta ar.

Sínithe: Rachel Nic Lochlainn

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

Dáta: 05-12-24

Síniú: Áine Ní Shuilleabháin

Príomhoide na Scoile

Dáta: 05.12.2024